

ANNUAL REPORT 2008

Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2008

CLÁR NA NÁBHAR

04	Bord Stiúrthóirí
06	Athbhreithniú an Chathaoirligh
12	Athbhreithniú ar Oibríochtaí
20	Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin
22	Tuarascáil na Stiúrthóirí
30	Tuarascáil na nIníochóirí
32	Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta
34	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
52	Torthaí Comparáideacha agus Graif
54	Gailearaí Imeachtaí
58	Sonraí Cuideachta



Anuraidh, sholáthar NurseLine 24/7 ó Vhi um Chúram Sláinte tacaíocht leighis phraiticiúil ar an teileafón do níos mó ná 57,000 custaiméir.

Anuraidh, rinne custaiméir de chuid Vhi um Chúram Sláinte teagmháil le líne chabhrach NurseLine 24/7 mar go raibh imní uirthi faoina fear céile, nach raibh ag aireachtáil go maith go ginearálta agus a raibh éisc mhírialta aige mar aon le pian ina chliabhrach. Chomhairligh NurseLine don chustaiméir glaoch ar otharcharr láithreach agus dul ag an Ionad Timpiste agus Éigeandála le haghaidh measúnaithe láithreach. Chuaigh an fear seo i dteagmháil le

NurseLine ina dhiaidh sin chun iad a chur ar an eolas go raibh sé sa bhaile agus go raibh sé ar fónamh, i ndiaidh dó séadaire a fháil. Bhí sé thar a bheith sásta le seirbhís NurseLine agus bhí sé an-bhuíoch as an gcomhairle a tugadh dó.

BORD STIÚRTHÓIRÍ



1. Bernard Collins

Cathaoirleach

Tá Bernard Collins ina Phríomhoifigeach Feidhmeannach ar Lifemed Consulting Limited. Tá BA Onóracha i Síceolaíocht Thionsclaíoch Fheidhmeach/Ghnó ó Ollscoil na hÉireann, Corcaigh, Éire faighte aige. Tá an tUasal Collins ar bhord go leor comhlachtaí eile in Éirinn agus i Meiriceá. D'oibrigh sé ar feadh 10 mbliana mar Leas-Uachtarán ar Oibríochtaí Idirnáisiúnta ag Boston Scientific Corporation go dtí 2003.*

2. Jimmy Tolan

BComm. FCA Príomhfheidhmeannach

Thosaigh Jimmy Tolan le Vhi um Chúram Sláinte mar Phríomhfheidhmeannach i mBealtaine 2008. Bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Fyffes plc ó Eanáir 2007 rinne sé bainistíocht ar fheidhm éadála Fyffes ó 1993. Cuntasóir cáilithe atá i Jimmy Tolan agus fuair sé a oiliúint le KPMG. Tá Céim B.Comm agus Dioplóma i gCuntasáíocht Phroifisiúnta aige ó Choláiste na hOllascoile, Baile Átha Cliath.

3. Gillian Bowler

FMII FMGT

Cathaoirleach, Fáilte Ireland, Cathaoirleach, Irish Life & Permanent, Plc., Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach, Grafton Group, Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach, Clear Channel Ireland Ltd., Comhalta Boird, Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit, UCD.*

4. Humphrey Murphy

Stiúrthóir Bainistíochta, Global Stainless Ltd., Comhalta den Chomhlacht Rialála, Ollscoil na hÉireann Corcaigh 1997–2000, 2000–2003, 2004–2007 agus 2007 chun dáta. Cathaoirleach ar Choiste Iniúchta UCC 2003–chun dáta, Stiúrthóir, Údarás Aerfort Chorcaí.*

5. Liam Twohig

B.Comm, FCA

Páirtneir Sinsearach, Baker Tilly Ryan Glennon; Comhpháirtithe Gnó & Cuntasóirí; Iar-Uachtarán ar Chumann Tionscail agus Tráchtála na Gearmáine-na hÉireann agus Comhalta, Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn, Coiste Achomhairc Araíonachta.*

6. Jim Kelly

Stiúrthóir, KBC Asset Management, Cathaoirleach Fold Housing Association Ireland, Comhalta, An Institiúid um Bainistíocht Pinsean, Iar-Phríomhfheidhmeannach, Mercer Human Resource Consulting, Stiúrthóir Bunaidh, Pension & Investment Consultants Ltd., Iar-Chathaoirleach, Comhairle na hÉireann um Pleanáil do Lucht Scoir.*

7. Karen Hickey-Dwyer

FRIAI

Tá Karen Hickey-Dwyer Uas. ina Comhpháirtí faoi láthair le Ivor Fitzpatrick and Company Solicitors, agus is speisialtóir í ar chúram sláinte, dlí an teaghlaigh, faillí chliniciúil agus dlíthíocht árachais. Glacadh í sna Rollaí de Dhlí Chumann Corpraithe na hÉireann i 1998. Ball, Cumann an Bharra Dlíodóirí Bhaile Átha Cliath; Ball, Cumann na nDlíodóirí Teaghlaigh; Ball, Dlí-Chumann na hÉireann; Ball, Cumann na nDlíodóirí Gortuithe Pearsanta; Ball, Cumann Idirnáisiúnta an Bharra.



8. Christy Cooney

Máistir Oideachais

Ardstiúrthóir Cúnta FÁS; Stiúrthóir, Páirc an Chrócaigh Teoranta; Cathaoirleach, Oiliúint & Forbairt Cluichí Náisiúnta an CLG; Cathaoirleach, Comhairle na Mumhan, CLG 2001-2003.#

9. Cathal Magee

BA, MSC

Stiúrthóir Bainistíochta, *eircom* miondíol ó Eanáir 2002; Ball, Bord Stiúrthóirí, *eircom* Group Ltd. Stiúrthóir, Iontaobhas Úinéireachta Scaireanna na bhFostaithe, ESOT, *eircom*; Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach, EBS Building Society. Sular thosaigh sé le *eircom*, d'oibrigh Cathal leis an National Australian Banking Group sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn.#

10. Declan Moran

Stiúrthóir Margaíochta agus Forbairt Ghnó, Vhi um Chúram Sláinte

Tá BSc in Eolaíocht Ríomhaireachta ag Declan Moran agus is Comhalta é d'Institiúid na nAchtúirí ó 1994. Thosaigh sé le Vhi i 1997 ón tionscal saoil agus pinsean. Tá freagracht air as

bainistíocht phunann táirgí Vhi um Chúram Sláinte, as táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt agus as saineolas achtúireachta laistigh den eagraíocht a sholáthar.

11. Baroness Neuberger

DBE

Ball de na Daonlathaigh Liobrálacha, Teach na dTiarnaí, Iontaobhaí, Fondúireacht na Duaise Booker; Iontaobhaí, Iontaobhas Carthanais Walter & Liesel Schwab; Cathaoirleach ar an gCoimisiún faoi Thodhchaí Saorálaithe; Uachtarán, Giúdachas Liobrálach; Údar *The Moral State We're In*, staidéar ar mhoráltacht agus ar bheartas poiblí sa Bhreatain comhaimseartha agus *Not Dead Yet – A Manifesto for Old Age*; Iarbhall, Coiste um Chaighdeán sa Saol Poiblí; Iarbhall, Comhairle Ginearálta Leighis; Iar-Phríomh-fheidhmeannach, King's Fund; Comhalta Oinigh, Coláiste Ríoga na Lianna; Iar-Rabbi, Sionagóg Liobrálach London Theas.

12. David Went

Bhí an tUasal Went ina Phríomhfheidhmeannach Grúpa ar Irish Life & Permanent plc ó 1998-2007, Príomhfheidhmeannach ar an Coutts Group ó 1994-1997 agus roimhe sin Príomhfheidhmeannach ar Ulster Bank Group 1987 go dtí 1994, tar éis tosú le Ulster Bank i 1976. Chaith an tUasal Went sé bliana le Citibank 1970-1976 i mBaile Átha Cliath agus in Jeddah. Tá sé ina Chathaoirleach faoi láthair ar Irish Times Ltd agus Fondúireacht na Tríonóide. Tá BA (Mod) Eolaíocht an Dhlí LL.B ag an Uasal Went ó Choláiste na Tríonóide agus fuair sé céim freisin ó Óstaí an Rí mar Abhcóide.

D'éirigh Pat Farrell as mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ag deireadh a théarma oifige, Feabhra 2008 agus d'éirigh Vincent Sheridan as mar Phríomhfheidhmeannach in Aibreán 2008.

* Comhalta den Choiste Íocaíochta

Comhalta den Choiste Iniúchta

ATHBHREITHNIÚ AN CHATHAOIRLIGH

Táimid an-sásta leis an dul chun cinn breise atá déanta ag Vhi um Chúram Sláinte maidir le seirbhísiú riachtanais mhíochaine a chuid custaiméirí. Chuir Vhi um Chúram Sláinte árachas sláinte ar ardchaighdeán agus ar phragas réasúnta ar fáil do bhreis is 1.55 milliún custaiméir agus d'íoc sé €1 billiún ar a gcuid riachtanais mhíochaine i rith na bliana dár críoch Feabhra 2008. Ina theannta sin bhain 350,000 dár gcustaiméirí leas as ár dtáirge d'árachas taistil agus tháinig breis is 100,000 duine chuig ár gClinicí Vhi SwiftCare chun cóir leighis a fháil. Is cúis áthais freisin é gur thug suirbhé a rinne an tÚdarás Árachas Sláinte le déanaí ar an margadh d'árachas sláinte príobháideach le fios go gceapann formhór dár gcustaiméirí go bhfuil luach ar airgead le fáil ar árachas sláinte príobháideach agus go bhfuil an-mhuinín acu as ár dtáirgí.

Caighdeán na hAire

Tá Vhi um Chúram Sláinte dírithe go hiomlán ar a chinntiú go mbeidh rochtain ag a chuid custaiméirí ar chúram sláinte ar ardchaighdeán agus ag an bpraghas is réasúnta. D'fhógraigh Vhi um Chúram Sláinte i rith na bliana go mbeadh ar gach ospidéal nua agus iad siúd atá ag feidhmiú cheana féin creidiúnú a bhaint amach faoi Nollaig 2008. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh cúram sláinte á chur ar fáil i suíomh chomh feiliúnach agus is féidir chun go mbainfí amach an toradh is fearr ó thaobh na míochaine de ag an bpraghas is fearr. Tá gluaiseacht shuntasach ann le cúig bliana anuas maidir le seachadadh cúramaí leighis ar ardchaighdeán ar bhonn othar cónaitheach go dtí cúram lae agus seomra taoibhe. I rith na gcúig bliana amach romhainn tá sé ar intinn againn athstiúradh a dhéanamh ar sheirbhísí míochaine chun go gcaithfear céatadán níos airde d'ioncam préimhe ár gcustaiméirí ar ghalarchosc agus ar straitéisí cúram príomhúil.

Ag Feabhsú na Staide Airgeadais

Rinneamar dul chun cinn suntasach anuraidh i bhfeabhsú staid airgeadais Vhi um Chúram Sláinte. Ghineamar brabús €112.2m tar éis cánach i gcomparáid le €69.5m bliain ó shin. Tá dhá eilimint sa bhrabús seo de €112.2m, is é sin, brabús €55.3m ar fheidhmíochtaí ó lá go lá agus scaoileadh an chúlchiste riosca nár caitheadh de €56.8m.

Threisigh ár suíomh airgeadais ar an iomlán i rith 2007 agus chríochnaíomar an bhliain le cóimheas sócmhainneachta de 35.3% i gcomparáid le 27.9% bliain ó shin. Níl fáлтаis iomlána féideartha de €41.6m ó Chothromú Riosca a bhaineann le 2006 agus 2007 san áireamh anseo, figiúr a d'ardódh ár sócmhainneacht go dtí 38.8%.

Pobalráitú agus Cothromú Riosca

Tá áthas orainn gur thacaigh Cúirt Chéadchéime na hEorpa go láidir le prionsabal an Phobalráitithe agus le Cothromú Riosca agus nach ndearnadh acomhairc in aghaidh an chinnidh seo. Creidimid go daingean go mbaineann ár gcustaiméirí agus sochaí na hÉireann tairbhe as córas árachas sláinte poiblí atá

pobalráitithe mar go gcinntíonn sé go bhfuil baill den phobal atá níos íogairí i dtéarmaí sláinte in ann tairbhe a bhaint as árachas sláinte príobháideach atá incheannaithe. Chun go bhféadfaí le Pobalráitú a bheith inmharthana sa mheántearma, beidh leagan níos cothroime agus níos sofaisticiúla Cothromaithe Riosca ag teastáil ná sin atá á chur i bhfeidhm faoi láthair agus tá sé ar intinn againn coinneáil leis an ábhar seo leis an Údarás Árachas Sláinte agus leis an Rialtas.

Rialú Airgeadais

Threoraigh an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney, an Bille um Leasú an Vhi tríd an Oireachtas in Aibreán 2008 agus dlí atá ann anois. Forálann an tAcht gur ceart do Vhi um Chúram Sláinte ceadúnas árachais a fháil agus a bheith rialaithe ag an Rialtóir Airgeadais le héifeacht ón 1 Eanáir 2009. Tá Vhi um Chúram Sláinte tiomanta an cuspóir seo a bhaint amach agus táimid ag comhadú iarratais leis an Rialtóir Airgeadais i láthair na huaire.

Tabharfaidh an reachtaíocht nua níos mó saoirse tráchtála do Vhi um Chúram Sláinte agus ceadóidh sé dó táirgí agus seirbhísí a thabhairt isteach agus a bhonneagar geografach a leathnú freisin comhuain is atá ceadúnas faighte againn ón Rialtóir Airgeadais. Táimid ag pleanáil go gníomhach tairbhe a bhaint as an tsaoirse seo chun cur lenár suíomh iomaíoch.

Ár bhFostaithe

Tá na torthaí gnó a baineadh amach i rith na bliana ag brath go mór ar iarrachtaí agus ar dhíograis bhainistíocht agus foireann Vhi um Chúram Sláinte. Uair amháin eile, léirigh ár bhfostaithe go bhfuil siad meáite iad féin a chur in oiriúint do choinníollacha an mhargaidh a bhíonn ag athrú i gcónaí trí tháirgí nuálaíocha agus seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí. Ba mhaith liom mo bhuíochas féin agus buíochas an Bhoird Stiúrthóirí a chur in iúl don bhainistíocht agus don fhoireann as ucht an chaoi a ndeachaigh siad i ngleic leis na dúshlán shuntasacha a bhí ann i rith na bliana seo caite.

Bord agus Grúpaí Comhairleacha

Bliain dhúshlánach a bhí sa bhliain a bhfuil athbhreithniú á

dhéanamh uirthi anseo, ag cur san áireamh na hathruithe suntasacha a tharla sa mhargadh, i dtéarmaí reachtúla agus i dtéarmaí rialála. Ba mhaith liom m'ómós a chur in iúl do na comhaltaí atá ar an mBord in éineacht liom as ucht na n-iarrachtaí móra atá déanta acu agus as a dtiomantas i rith an ama seo. Ba mhaith liom go háirithe aitheantas a thabhairt don chion tairbhe atá déanta ag an Uasal Pat Farrell a d'fhág an Bord i rith na bliana i ndiaidh dó dhá téarma oifige iomlána a dhéanamh, ón uair a tháinig sé ar an mBord i 1997.

Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt d'ionchur an Ghrúpa Comhairleach Liachta agus Comhairle Comhairleach na mBall. Tá an dá ghrúpa seo deonach agus tagann siad le chéile ar bhonn rialta i rith na bliana chun sainchomhairle agus tacaíocht a thabhairt dúinn maidir le nithe a bhfuil tionchar díreach agus dearfach acu ar an tseirbhís a chuirimid ar fáil dár gcustaiméirí.

Scor Vincent Sheridan

Ba mhaith liom mo bhuíochas féin, agus buíochas an Bhoird, a bhfostaithe, agus a gcustaiméirí a ghabháil as an gcion tairbhe an-mhór atá déanta ag Vincent Sheridan a chuaigh ar scor óna phost mar Phríomhfheidhmeannach ag deireadh Aibreán 2008. I rith na tréimhse seacht mbliana a bhí aige, thug Vincent treoir an-rathúil do Vhi um Chúram Sláinte i ndálaí margaidh agus rialála a bhí an-dhúshlánach. Tugadh go leor táirgí agus seirbhísí nua agus nuálaíochas go dtí an margadh le linn na tréimhse seo, lena n-áirítear árachas taistil Vhi MultiTrip, Clinicí Vhi SwiftCare, Vhi DeCare Dental, Réitigh Corparáideacha Vhi, pleananna LifeStage Choices agus go leor seirbhísí eile. Anuas air sin, chuaigh Vincent i mbun feachtais le haghaidh tabhairt isteach scéim do Chothromú Riosca, rud atá den riachtanas chun tacú le beartas poiblí Pobalráitithe. Chuaigh Vhi um Chúram Sláinte i dtreise mar eagraíocht faoina mhaoirseacht, agus is maith a bhí sé in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhí os a chomhair, agus a bheidh os a chomhair, sna blianta atá le teacht. Pribhléid a bhí ann a bheith ag obair go dlúth le Vincent agus guím scor fada, sláintiúil agus gníomhach air.

Straitéis Mheántéarmach

Ghlac Jimmy Tolan leis an bpost mar Phríomhfheidhmeannach ar Vhi um Chúram Sláinte an 1 Bealtaine 2008. Duine atá ann a bhfuil cumas cruthaithe aige a bheith nuálaíoch agus a bheith in ann freagairt ar bhealach samhlaíoch do thimpeallachtaí athraitheacha, agus tá lán-mhuinín agam go stiúirfaidh Jimmy Vhi um Chúram Sláinte tríd an gcéad chéim eile dá fhorbairt, lena n-áirítear an t-aistriú go dtí rialú an Rialtóra Airgeadais.

I rith an chéad chúig bliana eile, fanfaidh ár bhfócas ar chinntiú go mbeidh ár gcustaiméirí in ann tairbhe a bhaint as na seirbhísí leighis is airde caighdeáin sa suíomh is oiriúnaí. Leanfaidh Vhi um Chúram Sláinte leis ag seachadadh réitigh nuálaíocha chun riachtanais leighis ár gcustaiméirí a chomhlíonadh agus tá sé beartaithe aige céatadán níos airde dár n-ioncam ó chustaiméirí a dhíriú i dtreo príomhréimsí an choisc agus an chúraim phríomhúil.

Comhuain is a bheidh an ceadúnas faighte againn ón Rialtóir Airgeadais, beidh níos mó saoirse tráchtála againn táirgí a fhorbairt dár gcustaiméirí. Bhí Vhi um Chúram Sláinte an-nuálaíoch ó thaobh riachtanais a gcustaiméirí a chomhlíonadh trí tháirgí cosúil le MultiTrip Travel, Fiaclóireacht agus Clinicí Vhi SwiftCare a fhorbairt agus tá sé ar intinn againn leanúint leis an nuálaíocht sna blianta atá amach romhainn.

Custaiméirí

Is é Vhi um Chúram Sláinte an t-aon soláthróir árachais i margadh na hÉireann atá seachbhrabúsach, tiomanta agus ar ardchaighdeán speisialteoireachta, agus leanfaidh sé ag obair ar son, agus ag freastal ar, riachtanais ár gcustaiméirí i rith an chéad chaoga bliain eile mar atá déanta againn le caoga bliain anuas. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcustaiméirí as ucht a dtacaíocht agus a muinín leanúnach i Vhi um Chúram Sláinte agus ina tháirgí.



Bernard Collins

Cathaoirleach



Tá árachas sláinte curtha ar fáil ag Vhi um Chúram Sláinte in Éirinn ar feadh níos mó ná 50 bliain agus creideann ár 8,000 scéim grúpa corparáideach go bhfuil ár bhfoireann tiomanta bhainistíocht cuntas... tiomanta i ndáiríre!

Tá gaol díreach ag Vhi um Chúram Sláinte lenár scéimeanna corparáideacha agus grúpa uile tríd ár bhfoireann tiomanta féin de bhainisteoirí cuntas agus tacaíocht riaracháin.

Déanann Vhi um Chúram Sláinte próiseáil ar ár n-éilimh féin, déanann sé bainistíocht ar gach teagmháil le custaiméirí, déanann sé riaracháin ar ár bpolasaithe féin agus úsáideann sé ár bhfoireann bainistíochta féin do

sholáthróirí chun na margaí is fearr a fháil dár gcustaiméirí.

Tairgimid freisin seirbhísí grúpa ar-líne nach bhfuil a macasamhail le fáil, atá in ann na riachtanais riaracháin dár ngrúpaí corparáideacha a laghdú suas le 80%.

ATHBHREITHNIÚ AR OIBRÍOCHTAÍ

Tá achoimre tugtha ag an gCathaoirleach ina athbhreithniú ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhghnóthachtálacha go dtí deireadh na bliana i bhFeabhra 2008. Tá áthas orm tuairisciú gur bliain mhaith a bhí sa bhliain a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh uirthi anseo, ó pheirspictíocht airgeadais agus oibríochtaí araon.

Tá an bhallraíocht seasmhach amhail deireadh na bliana agus bhí 1.55 milliún custaiméir againn san iomlán. Den chéad uair ariamh, d'íoc Vhi um Chúram Sláinte amach os cionn €1 billiún i socraíochtaí ar éilimh custaiméirí i rith 2007/08. I dtéarmaí laethúla, ciallaíonn sé seo gur íocadh amach níos mó ná €4 milliún ar an meán gach lá oibre.

Leanann Vhi um Chúram Sláinte ag soláthar clúdaigh don réimse is leithne áiseanna agus soláthraíonn sé clúdach do na drugaí agus na teicneolaíochtaí is nua-aimseartha atá ar fáil ar an margadh. Is é an fócas atá againn cinntiú go bhfuil ár gcustaiméirí in ann rochtain a fháil ar chúram sláinte ar ardchaighdeán ag praghasanna atá inacmhainneach agus creidimid go bhfuil aitheantas níos mó ann anois ar an tábhacht a bhaineann le cúram sláinte ar ard-chaighdeán. Tá foireann liachta ildánach agus ardchleachtaithe ag Vhi um Chúram Sláinte agus is é an aidhm atá againn leanúint ar aghaidh mar cheannródaithe i ndáil le forbairtí nua ionas go mbeimid in ann an fónamh is fearr a dhéanamh ar riachtanais ár gcustaiméirí.

Pobalráitú agus Cothromú Riosca

Tá áthas orm a rá gur sheas Cúirt Chéadchéime na hEorpa i Lucsamburg le prionsabail an Phobalráitithe agus Cothromú Riosca araon agus go bhfuil a mbreithiúnas ag teacht go hiomlán le fionnachtana na hArdchúirte. Táimid ag fanacht ar chinneadh na Cúirte Uachtaraí i ndáil leis an achomharc atá déanta ag BUPA, atá ag iarraidh cinneadh an Rialtais Cothromú Riosca a thabhairt isteach a fhreaschur. Leanann an córas Cothromaithe Riosca atá ann faoi láthair a bheith ag spreagadh agus ag tabhairt luaíochta do roghnú rioscaí agus dá bharr sin tá sé beartaithe againn dul sa tóir ar scéim chothromaithe riosca níos sofaisticiúla agus

níos cothroime leis an Rialtas agus leis an Údarás Árachas Sláinte. Ní bhainfidh tomhaltóirí aon tairbhe as iomaíocht sa mhargadh árachais sláinte príobhádaigh seo atá pobalráitithe ach amháin mura mbeidh luaíocht le fáil ag soláthróirí árachais má théann siad san iomaíocht ar bhunús roghnú rioscaí.

Torthaí Airgeadais

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na buaicphointí airgeadais mar seo a leanas:

- Bhí ardú 13.0% ar ioncam préimhe tuillte san iomlán go dtí €1.15 billiún. Is féidir an t-ardú seo a chur síos do roinnt fachtóirí lena n-áirítear: airgead a tháinig ón ardú préimhe i Meán Fómhair 2006, mar aon le díolacháin mhaithe custaiméirí agus torthaí coinneála a bhí go maith.
- Bhí ardú 8.0% ar chostais éileamh agus sháraigh siad €1 billiún den chéad uair riamh. Tharla sé seo de bharr an chostais níos airde a bhí ann cúram sláinte nua-aimseartha ar ardchaighdeán a sholáthar, lena n-áirítear ospidéal agus áiseanna nua a osclaíodh le 18 mí anuas; agus an t-ardú i méid na n-éileamh a rinneadh freisin.
- 87.2% a bhí in éilimh mar chéatadán den phréimh tuillte, figiúr atá níos airde go suntasach ná sin atá ag ár n-iomaitheoirí.
- Bhí ardú 9.7% i gcostais oibriúcháin go dtí €91.4m. Léiríonn an t-ardú seo an infheistíocht shuntasach i dteicneolaíocht atá déanta againn, rud a chabhróidh linn níos mó éifeachtachta a bhrú chun cinn sa téarma níos faide. Tá an cóimheas de chostas oibriúcháin (costais oibriúcháin mar chéatadán d'ioncam préimhe tuillte) tite go dtí 7.9% ó 8.2%. Tá sé seo níos lú ná aon ghnó árachais eile in Éirinn agus is féidir é a chur i gcomparáid go fabhrach leis na soláthróirí árachais sláinte is éifeachtaí ar domhan.
- Bhí barrachas frithgheallta ó oibríochtaí de €56.6m ag Vhi um Chúram Sláinte i gcomparáid le €6.1m bliain ó shin.

Tá an barrachas oibriúcháin seo ionann is 4.9% d'ioncam préimhe.

- Bhí barrachas iomlán i ndiaidh cánach de €112.2m ag Vhi um Chúram Sláinte i gcomparáid le €69.5m bliain ó shin. Tá dhá mhír ag an mbarrachas seo de €112.2m, is iad sin, barrachas de €55.3m ar oibríochtaí ó lá go lá agus scaoileadh an chúlchiste riosca neamhéagtha de €56.8m.
- Tá ardú tagtha ar an gcóimheas sócmhainneachta, .i. an gaol idir cúlchistí saora agus ioncam préimhe, ó 27.9% go dtí 35.3%. Ní áiríonn sé seo aon fháltas féideartha de €41.6m ó Chothromú Riosca a bhaineann le 2006 agus 2007, rud a d'fhágfadh go n-ardódh ár leibhéal sócmhainneachta go dtí 38.8%. In Aibreán 2008, rith an tOireachtas an tAcht um Leasú an Vhi 2007. Forálann an tAcht gur cheart do Vhi um Chúram Sláinte ceadúnas árachais a fháil agus a bheith rialaithe ag an Rialtóir Airgeadais le héifeacht ón 1 Eanáir 2009. Tá Vhi um Chúram Sláinte tiomanta go hiomlán don chuspóir seo. Tá an feabhas i mbunsócmhainneacht agus an t-ardú i gcúlchistí ina réamhriachtanas don iarratas ar cheadúnas árachais.

Príomhghníomhaíochtaí

Bonn Custaiméirí agus Díolacháin

Soláthraíonn Vhi um Chúram Sláinte anois os cionn 2 mhilliún duine idir ár ngnó árachais sláinte agus ár bpunann táirgí éagsúlaithe. D'ainneoin an geilleagar a bheith ag moilliú, brúnna iomaíocha níos mó agus margadh árachais sláinte atá aibí, tá árachas ag 1.55 milliún duine ag deireadh na bliana faoinár bpleananna ospidéil. Tá thart ar 450,000 custaiméir tar éis ceannach ónár bpunann árachais éagsúlaithe.

Cáilíocht Cúraim

Is é an príomhchuspóir ghnó atá ag Vhi um Chúram Sláinte ná cúram sláinte ar ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí, i suíomhanna atá feiliúnach don dea-chleachtas atá ann i láthair na huair, agus ag an bpraghas is inacmhainne. Chun go mbainfidimid é seo amach, bímid i gconaf i mbun

athbhreithnithe, plé agus idirbheartaíochta chun na praghasanna is fearr agus téarmaí is fabhraí a fháil ónár soláthróirí chúram sláinte, lena n-áirítear ospidéal, comhairleoirí, dochtúirí, comhlachtaí otharcarr, saotharlanna, soláthróirí scanála agus go leor eile.

Chomh maith le clúdach a chur ar fáil le níos mó ná 100 ospidéal agus ionad cóireála, tá sé léirithe ag suirbhéanna custaiméirí leantacha go gcuireann ár gcustaiméirí luach ard ar an scéim lánchlúdaigh, coincheap a thacaíonn 99% den 2,029 comhairleoir ospidéal atá cláraithe le Vhi um Chúram Sláinte leis. Fágann sé seo go mbíonn ár gcustaiméirí saor ón imní a bhaineann le 'bille comhardaithe' a fháil le linn aimsir thinnis agus, go féideartha, an-strus.

Bíonn ár bhfócas i gcónaí ar chaighdeán iomlán chúram othar sna hospidéal phríobháideacha agus léiríonn ár suirbhéanna bliantúla ar shástacht othar go ndéanann caighdeán an chúraim agus cáilíocht fíor-dífríocht dár gcustaiméirí. I rith na bliana, d'fhógair Vhi um Chúram Sláinte go mbeidh ar gach ospidéal príobháideach, bíodh sé nua nó ann cheana féin, creidiúnú a fháil le ceann de na comhlachtaí creidiúnaithe faofa roimh Nollaig 2008 agus tá an coinníoll seo ina chuid dár gcomhaontuithe le hospidéal. Táimid den bharúil i gcónaí go bhfuil dianriachtanas ceadúnaithe atá infheidhmithe do gach ospidéal den riachtanas ó thaobh cinntiú go mbainfí amach agus go gcoinneofaí ardchaighdeán cáilíochta inár n-ospidéal.

Tá soláthar chóireáil chúram sláinte sa suíomh is feiliúnaí bunriachtanach i dtéarmaí an toradh leighis is fearr a bhaint amach don chustaiméir agus i dtéarmaí an chostais is inacmhainne. Chuir úsáid mhéadaithe áiseanna chúram lae agus taobhseomraí ar ár gcumas níos mó cóireálacha agus níos mó caoithiúlachta a chur ar fáil dár gcustaiméirí, agus bíonn níos lú míchompoird agus cur isteach ann ná sin a bheadh indéanta deich mbliana ó shin, rud a chabhraíonn le téarnamh. Anuas air sin, bhí éifeacht dhearfach ag an gcoincheap seo freisin ó thaobh cabhrú le smacht a choinneáil ar chostas sholáthar chúraim sláinte. Idir 2002 agus 2007, tháinig meath ar líon na n-othar ar cuireadh cóir leighis orthu ar bhonn othar cónaitheach ó 180,000 go dtí 163,000 agus ag an am céanna, tháinig ardú ar líon na n-othar ar cuireadh cóir leighis orthu ar bhunús chúraim lae ó 92,000 go dtí 111,000, agus i taobhseomraí ó 153,000 go dtí 261,000. Creidimid freisin gur cheart céatadán níos airde d'ioncam préimhe ár gcustaiméirí a dhíriú ar chosc a chur ar thinnis áirithe agus ar chúram príomhúil sna blianta atá amach romhainn.

Acmhainn Ospidéal Nua Príobháideach

Tá sé dóchúil go mbeidh ardú suntasach in acmhainn na n-ospidéal príobháideach i rith na cúig bliana seo chugainn. Tá sé mar aidhm ag Vhi um Chúram Sláinte oibriú go dlúth leis na soláthróirí ospidéal príobháideach chun a chinntiú go ndíreofaí áiseanna nua ar an éileamh nach bhfuil freastal á dhéanamh air a chomhlíonadh agus nach mbeidh sé mar thoradh orthu go mbeidh acmhainn bhreise shuntasach leighis i réimsí áirithe agus easnamh i réimsí eile.

Clúdach nua do Chlinic Lialann Spóirt agus Best Doctors®

Lean Vhi um Chúram Sláinte ag soláthar táirgí agus seirbhísí nuálaíocha dá chustaiméirí i rith 2007/08 nuair a cuireadh an Clinic Lialann Spóirt i nDiméin Seantreabh, Baile Átha Cliath ar an liosta d'ospidéal atá faofa clúdach a chur ar fáil, agus nuair a tugadh isteach seirbhís nua chun an 'dara tuairim' a thabhairt darbh ainm Best Doctors®.

Is féidir le custaiméirí atá ag fulaingt ó riocht sláinte tromchúiseach dul i dteagmháil anois le NurseLine 24/7 chun an dara tuairim a fháil trí Best Doctors®. Soláthraíonn an tseirbhís saor in aisce seo rochtain ar bhunachar sonraí domhanda de 50,000 ard-speisialteoir leighis ar fud níos mó ná 400 fospeisialteoireacht atá in ann oibriú i gcomhpháirt le do chomhairleoir áitiúil nuair a d'fhéadfadh an dara tuairim a bheith ag teastáil.

Clinicí SwiftCare an Vhi

I nDeireadh Fómhair 2007, d'oscail Vhi a tríú Clinic Vhi SwiftCare i Sord, Co. Áth Cliath, clinic a bheidh in éineacht le clinicí atá bunaithe cheana féin ag Baile Amhlaoibh agus ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (Ascaill Uí Choileáin). Tá cóir leighis faighte ag thart ar 100,000 duine cheana féin ag na háiseanna dianchúraim siúil isteach seo, arbh iad na chéad áiseanna den chineál seo a dhéanann freastal ar mhionghortuithe in Éirinn. Tá trí Chlinic eile pleanáilte do Phort Láirge, Corcaigh agus do Bhaile Átha Cliath Thiar i 2008.

Árachas Taistil Vhi MultiTrip

Is é MultiTrip ó Vhi um Chúram Sláinte anois an táirge

árachais taistil is mó tóra in Éirinn. Tá árachas ag níos mó ná 350,000 duine leis, figiúr atá ionann is 36% den mhargadh.

Árachas Taistil Domhanda an Vhi

Soláthraíonn an táirge seo árachas taistil do líon níos mó de mhuintir na hÉireann a thograíonn maireachtáil, taisteal nó dul ag obair thar lear ar feadh tréimhsí sé mhí nó níos faide. Soláthraíonn sé freisin aistriú éasca ar ais go dtí pleananna árachais sláinte an Vhi nuair a fhilleann an duine go hÉirinn.

Vhi DeCare Dental

Is é seo an chéad phlean árachais déidliachta in Éirinn agus an t-aon cheann atá ann. Rinneadh athruithe don phraghas agus don táirge i rith 2007 agus ba é an toradh a bhí air seo ná go raibh ardú suntasach i líon na gcustaiméirí, agus tá beagnach 38,000 duine ann anois a bhfuil clúdach déidliachta acu leis an táirge seo.

Réitigh Corparáideacha Vhi

Seachadann Réitigh Corparáideacha Vhi réitigh shláinte cheirde agus chúnamh fostaithe do chliaint corparáideacha idir beag agus mór ar fud na tíre. Mar shampla, tá Cláir Chúnamh Fostaithe (EAP) ó Réitigh Corparáideacha Vhi ar fáil mar thaca do gach múinteoir atá fostaithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Urraíochtaí

Is í an urraíocht is mó dá bhfuil againn ná Campaí Cúl an Vhi/CLG (campaí samhraidh oifigiúla an CLG). D'fhreastal an figiúr is airde ariamh de 80,000 leanbh ar na campaí seo i 2007, ardú 5,000 ó 2006. Is é an sprioc a bhí ann go mbeadh níos mó ná 82,000 leanbh sa bhaile agus thar lear páirteach i 2008. Bhí Vhi um Chúram Sláinte mar chomhpháirtithe freisin do Chumann Peile na mBan trí urraíocht a dhéanamh ar Chomórtas Uile-Éireann na gCumann ag na leibhéil shóisearacha, idirmheánacha agus shinsearacha.

Ar deireadh, tá ceangal déanta ag Réitigh Corparáideacha Vhi le CLG i dtaca le tionscnamh náisiúnta chun cabhrú le cumainn dul i ngleic le feiniméin Siondróm Bhás Tobann Aimhrithime.

Cheannaigh an CLG Dífhibrileoirí Uathoibríocha Seachtracha (AED) atá le suiteáil ag gach páirc chontae agus d'aontaigh Vhi um Chúram Sláinte seisiún oiliúna a chur ar fáil faoin gcaoi na Dífhibrileoirí Uathoibríocha Seachtracha a úsáid do 125 cumann ar fud na tíre.

Forbairt Teicneolaíochta

Tá 2 mhilliún duine clúdaithe ag Vhi um Chúram Sláinte thar réimse táirgí árachais agus tá na milliúin idirbheart ann le próiseáil dá mbarr. Thugamar faoi chlár uailmhianach sé bliana ó shin chun infheistíocht i dteicneolaíocht a mhéadú d'fhonn éifeachtacht ár n-oibríochtaí agus an tseirbhís a chuirimid ar fáil a fheabhsú. Aithníodh trí chéim shainiúla den chlár seo a bheith ina bpríomhréimse le haghaidh a bhforbartha:

- i Córas nua do riaracháin pholasaithe a críochnaíodh i 2004.
- ii Córas nua éileamh a chríochnófaí i rith an Fhómhair 2008.
- iii Tá tús díreach curtha anois le córas bhainistíocht caidrimh chustaiméirí.

eGnó

Tá 170,250 custaiméir cláraithe ar ár láithreán gréasáin www.vhi.ie agus leanann sé air ag mealladh méideanna suntasacha tráchta ó chustaiméirí agus ó chuairteoirí araon a bhfuil uathu meastacháin ar-líne a fháil dár dtairgí árachais sláinte, eolas a aimsiú ar raon topaicí éagsúla i ndáil le sláinte agus le slíte maireachtála, comhairle a iarradh tríd an tsaoráid atá againn chun 'Ceist a chur ar na Saineolaithe' agus a bheith rannpháirteach i bhfóraim a dhéileálann le saincheistean sláinte cosúil le toircheas, breith clainne agus tuistiú.

Acmhainní Daonna

Chabhraigh taighde margaidh fairsing agus rialta le Vhi um Chúram Sláinte aitheantas a thabhairt do thábhacht 'eispéireas an chustaiméara' agus seasaimid air go mbeadh ár gcumarsáidí custaiméirí agus ár bpríomhsheirbhísí custaiméirí á soláthar agus á mbainistiú ag ár bhfostaithe féin anseo in Éirinn.

Mar nach mbainimid úsáid as foinsiú allamuigh dár bpríomhphróisis, cuirimid seirbhís den chéad scoth ar fáil do chustaiméirí atá pearsanta agus éifeachtach – agus tréithe atá iontu seo a bhfuil sé ráite ag ár gcustaiméirí linn go bhfuil meas acu orthu.

Dá bharr sin, déanaimid bainistíocht ar gach teagmháil le custaiméirí, riaraimid ár bpolasaithe agus déanaimid bainistíocht ar an gcaidramh atá againn lenár scéimeanna grúpa corparáideacha go himheánach. Tá 969 duine (nó 888 duine atá

cóibhéiseach le bheith lánaimseartha) fostaithe againn ag ocht bpríomhionad go náisiúnta chun cabhrú linn an leibhéal seirbhíse seo a chur ar fáil. Osclaíodh an t-ionad is nuaí atá againn, Vhi um Chúram Sláinte Gaoth Dóbhair, i rith 2007.

Tabharfar faoi infheistíocht shuntasach in oiliúint agus i bhforbairt ár bhfostaithe agus tá ráta coinneála fostaithe againn de 94%, figiúr a léiríonn go bhfuilimid in ann ár bhfostaithe a choinneáil agus a bhforbairt ar bhonn leanúnach gan na costais a bhaineann le hoiliúint a chur ar líonta móra d'earcaigh nua a tharraingt orainn féin. Fuair Vhi um Chúram Sláinte Duais Chumais ó O2 i Meitheamh 2007 (i gcomhpháirt leis an bhFondúireacht Aisling) as ucht an pholasaí atá againn áit a dhéanamh dóibh siúd ar mhíchumas san ionad oibre.

Léargas

An tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2008

Táimid ag réamh-mheas go mbeidh leibhéal níos airde éileamh mar chéatadán d'ioncam ná sin a bhí ann sa tréimhse roimhe sin, go príomha de bharr na n-áiseanna nua a bheidh ar fáil agus dá bharr sin, táimid ag réamh-mheas go ndéanfaimid barrachas ó oibríochtaí de €15-25 milliún don deich mí dár gcríoch 31 Nollaig 2008 sula gcuirfí fáiltais ó chothromú riosca san áireamh.

Straitéis Mheántearma

I rith na chúig bliana seo chugainn, fanfaimid an-dírithe ar chinntiú go mbeidh ár gcustaiméirí in ann leas a bhaint as na seirbhísí liachta is airde caighdeáin ag an bpraghas is lú agus is féidir. I rith na chúig bliana seo caite, bhí athstruchtúrú suntasach ann sa chaoi a mbíonn seirbhísí liachta á seachadadh dár gcustaiméirí agus sa todhchaí creidimid go mbeidh sé ar leas is fearr ár gcustaiméirí ó thaobh leighis de go n-úsáidfí céatadán níos airde dá n-ioncam préimhe i réimsí an choisc agus an chúraim phríomhúil.


Sa ré nua ina mbeidh rialacháin ann, beidh níos mó saoirse tráchtála againn táirgí tráchtála a fhorbairt d'fhonn luach a chur le saoil ár gcustaiméirí. Beidh deis againn freisin scóp

geografach an ghnó a leathnú.

I rith na chúig bliana seo caite, tá caipiteal suntasach infheistithe againn i dteicneolaíocht agus leanfaimid ag infheistiú chun éifeachtaí oibriúcháin a fheabhsú tuilleadh chun go mbeimid in ann ár stádas mar an t-oibritheoir is éifeachtaí i margadh árachais na hÉireann leis na leibhéil seirbhíse is airde a choinneáil.

Vincent Sheridan

Ar deireadh, ba mhaith liom gach rath sa todhchaí a ghuí ar Vincent Sheridan, a raibh an post seo aige romham. Thug Vincent ceannaireacht rathúil d'fhorbairt Vhi um Chúram Sláinte ó 2001 agus chuir sé riachtanais a gcustaiméirí chun cinn i gcónaí i dtaca le gníomhartha Vhi um Chúram Sláinte le linn a thréimhse oifige.



Jimmy Tolan

Príomhfheidhmeannach



Socraítear 98% de gach éileamh a dhéanann custaiméirí Vhi um Chúram Sláinte gan moill suas go dtí teorainn iomlán an chlúdaigh. Anuraidh, rinneamar próiseáil ar níos mó ná 550,000 éileamh agus d'íocamar amach €4 milliún gach lá oibre, níos mó ná €1 billiún san iomlán, thar ceann riachtanais chúram sláinte ár gcustaiméirí.

Ainneoin go mbíonn bunáite na ndaoine ag cuimhneamh ar árachas sláinte mar rud atá ábhartha den chuid is mó do dhaoine níos sine, íocann Vhi um Chúram Sláinte amach suimeanna substaintiúla gach bliain ar ár gcustaiméirí níos óige agus ar leanaí freisin. Mar shampla, d'íocamar amach thart ar €35,000 thar ceann custaiméir óg ar Phlean B a fuair cóir leighis don ailse cheirbheacs a bhí aici.

FOIREANN BAINISTÍOCHTA FEIDHMIÚCHÁIN

1.



2.



3.



4.



5.



6.



7.



8.



1. Jimmy Tolan

BComm, FCA, Príomhfheidhmeannach

Thosaigh Jimmy Tolan le Vhi um Chúram Sláinte mar Phríomhfheidhmeannach i mBealtaine 2008. Bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Fyffes plc ó Eanáir 2007 rinne sé bainistíocht ar fheidhm éadála Fyffes ó 1993. Cuntasóir cáilithe atá i Jimmy Tolan agus fuair sé a oiliúint le KPMG. Tá Céim B.Comm agus Dioplóma i gCuntasaíocht Phroifisiúnta aige ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

2. Dr. Bernadette Carr

MD, FRCPI, MPH, LFOM,

Stiúrthóir – Míochaine

Is lia agus eipidéimeolaí í Bernadette Carr le taithí fhairsing chliniciúil agus taighde. Is céimí de Choláiste na hOllscoile, Corcaigh í, agus i measc a cáilíochtaí tá Comhaltacht i nGeiriatric, UCLA 1989, Dochtúireacht i Leigheas, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 1992, Ceadúnach de Dhámh an Leighis Saothair 1991, agus Máistreacht i Sláinte Phoiblí 1994. Toghadh í ar Chomhaltacht Choláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn in 1996. Thosaigh Bernadette le Vhi um Chúram Sláinte i 1994 mar Stiúrthóir Leighis agus i measc na bhfreagrachtaí atá uirthi tá: caidrimh le soláthróirí agus idirbheartaíochtaí conartha; measúnú ar fhorbairtí leighis agus chúram sláinte.

3. Willie Shannon

BBS, FCA, Stiúrthóir – Airgeadas

Is céimí é Willie Shannon de Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, áit a bhfuair sé a BBS i 1974. Cháiligh sé mar chuntasóir cairte i 1977 agus thosaigh sé le gnólacht mór bróicéirí árachais i 1987. Ceapadh é ina dhiaidh sin mar Cheannasaí Airgeadais an Ghrúpa i 1989. Thosaigh sé le Vhi um Chúram Sláinte mar Stiúrthóir Airgeadais i 2002. Tá sé ina bhall de roinnt coistí in Institiúid na gCuntasóirí Cairte. Is iar-Chathaoirleach é ar Choiste Airgeadais, Institiúid Árachais na hÉireann agus iar-Uachtarán ar Chumann na bhFeidhmeannach Airgeadais.

4. Tony McSweeney

Stiúrthóir – Gnó Indibhidiúil agus Corparáideach

Thosaigh Tony McSweeney, atá ina chomhalta d'Institiúid Margaíochta na hÉireann agus ina Chomhalta d'Institiúid Díolacháin na hÉireann, le Vhi ón tionscal saoil agus pinsean i 1996. Tá freagracht air as Seirbhísí do Chustaiméirí, Riarachán Custaiméirí agus Díolacháin.

5. John Creedon

Stiúrthóir – Éilimh

Tá freagracht ag John Creedon as seirbhís iomlán, riarachán agus íocaíocht éileamh. Bhí roinnt post sinsearach aige le Vhi um Chúram Sláinte, an ceann is deireanaí ná Stiúrthóir ar Theicneolaíocht Faisnéise, sular ceapadh é sa phost ina bhfuil sé anois.

6. Margaret Molony

Stiúrthóir – Teicneolaíocht Faisnéise

Tá níos mó ná 22 bliain de thaithí ag Margaret Molony i Vhi um Chúram Sláinte agus tá freagracht aici as seirbhísí theicneolaíocht faisnéise san eagraíocht. Thosaigh Margaret le Vhi um Chúram Sláinte i 1986 agus bhí roinnt post sinsearach aici sular ceapadh í sa phost ina bhfuil sé anois i 2008.

7. Declan Moran

Stiúrthóir – Margaíocht agus Forbairt Ghnó

Tá BSc in Eolaíocht Ríomhaireachta ag Declan Moran agus is Comhalta é d'Institiúid na nAchtúirí ó 1994. Thosaigh sé le Vhi 1997 ón tionscal saoil agus pinsean. Tá freagracht air as bainistíocht phunann táirgí Vhi um Chúram Sláinte, as táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt agus as saineolas achtúireachta laistigh den eagraíocht a sholáthar.

8. Michael Owens

Stiúrthóir – Acmhainní Daonna

Comhalta Cairte den CIPD é Michael Owens agus thosaigh sé le Vhi um Chúram Sláinte i Lúnasa 1999 agus tá os cionn 20 bliain taithí aige i mbainistíocht acmhainní daonna, i seirbhísí airgeadais den chuid is mó.

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá áthas ar na Stiúrthóirí an 51ú Tuarascáil Bhliantúil a leagan amach de réir Alt 20 (1) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957. Tá cuntais an Bhoird agus na nótaí gaolmhara atá mar chuid de na cuntais istigh leis an tuarascáil seo, agus ullmhaíodh iad de réir na gcaighdeán cuntasáíochta a nglactar leo go forleathan in Éirinn agus tá siad ag teacht le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996.

1. Príomhghníomhaíochtaí

Is corparáid reachtúil é an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh arna bhunú ag an Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957 agus tá sé mar chuspóir aige córas airgeadais do chúram sláinte a sholáthar, arna chur i bhfeidhm ar bhunús cúnamh fhrithpháirtigh.

2. Torthaí

Tá torthaí na bliana leagtha amach sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

3. Athbhreithniú Gnó agus Forbairtí sa Todhchaí

Tá athbhreithniú ar an ngnó a rinneadh i rith na bliana, mar aon le tuairim an Bhoird faoi fhorbairtí dóchúlacha sa todhchaí le fáil in Athbhreithniú an Chathaoirligh.

4. Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Éilítear ar na Stiúrthóirí cuntais a ullmhú do gach tréimhse airgeadais, a thugann léargas cruinn cothrom ar staid reatha an Bhoird agus ar bharrachas nó ar easnamh an Bhoird don tréimhse sin.

Agus na cuntais sin a n-ullmhú acu, éilítear ar na Stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasáíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus cúramach;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbonn gur gnóthas leantach atá ann, mura bhfuil sé neamhoiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ar aghaidh i ngnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntasáíochta chearta a choinneáil, a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon am staid airgeadais na heagraíochta agus a chuirfidh ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear na cuntais de réir caighdeán cuntasáíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus a chloíonn le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a thógáil ar mhaithe le calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosaint.

5. Rialachas Corparáideach

Tacaíonn na Stiúrthóirí le prionsabail Rialachais Chorporáidigh a bhfuil cur síos orthu sa Chomhchód Rialachais Chorporáidigh. Rinne an Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais athbhreithniú ar an gComhchód Rialachais Chorporáidigh i mí Meithimh 2006. Ainneoin nach comhlacht liostáilte é, tá iarracht déanta ag an mBord cloí le forálacha an Chóid atá infheidhmithe agus mar sin tuairiscíonn sé thíos ar chomhlíonadh an Chóid i rith na bliana.

Measann na Stiúrthóirí go bhfuil na nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord chun na forálacha atá leagtha amach in alt 1 den Chomhchód a chomhlíonadh: Cód Rialachais Chorporáidaigh agus an Cód Dea-Chleachtais, ach amháin i ndáil le ceapacháin agus téarmaí oifige Stiúrthóirí, atá mar fhreagracht ar an Aire Sláinte agus Leanaí. Mar gheall air sin, níl Coiste Ainmníúcháin ná Stiúrthóir Sinsearach Neamhspleách ag an mBord.

Bord Stiúrthóirí

Tá rólanna an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh ar leithligh agus i rith na bliana airgeadais, is é an Príomhfheidhmeannach amháin a bhí ina bhall Feidhmeannach den Bhord. Tá gach Stiúrthóir neamhfheidhmeannach ceaptha ag an Aire Sláinte agus Leanaí ar feadh téarma oifige 5 bliana.

Tagann an Bord le chéile ar a laghad ocht n-uaire in aghaidh na bliana agus tá sceideal foirmeálta de nithe aige a choinnítear siar go speisialta ar mhaithe le cinntí a dhéanamh lena n-áirítear an plean straitéiseach ina iomlán a fhaomhadh, buiséid bhliantúla, tuarascáil agus cuntais bhliantúla agus mórghníomhaíochtaí corparáideacha. Cuirtear páipéir bhoird chuig gach comhalta i ndóthain ama roimh chruinnithe. Tá oiliúint agus seisiúin faisnéise ar fáil do gach Stiúrthóir nuair a cheaptar ar an mBord iad, agus bíonn tuilleadh oiliúna ar fáil ina dhiaidh sin, má theastaíonn sé. Tá nósanna imeachta curtha i dtoll a chéile ag an mBord do Stiúrthóirí chun glacadh le comhairle phroifisiúnta neamhspleách. Tá rochtain ag gach Stiúrthóir ar chomhairle agus ar sheirbhísí an Rúnaí. Tá clúdach Árachas Dliteanas Stiúrthóirí ag an mBord. Tá próiseas socraithe ag an mBord chun meastachán a dhéanamh ar a fheidhmiú.

Tinreamh ag Cruinnithe Boird a tionóladh i rith na bliana airgeadais

	Bord	Iniúchadht	Luach Sathair
Bernard Collins	9		4
Pat Farrell (D'éirigh as Feabhra 2008)	7		
Gillian Bowler	6		4
Humphrey Murphy	6		4
Liam Twohig	9	4	
Joseph O'Leary (Chuaigh ar scor Márta 2007)	1		
Christy Cooney (Ceapadh ar an gCoiste Iniúchta é Meán Fómhair 2007)	7	2	
Jim Kelly (D'éirigh as an gcoiste iniúchta Meitheamh 2007. Ceapadh ar an gCoiste Luach Sathair é Iúil 2007)	8	2	2
Julia Neuberger	5		
Cathal Magee	7	3	
Karen Hickey-Dwyer	8		
Vincent Sheridan (Chuaigh ar scor Aibreán 2008)	9		
David Went (Ceapadh é Márta 2007)	6		

Déanann an Bord athbhreithniú ar na socruithe atá ann a thugann deis d'fhostaithe aird a tharraingt ar aon imní atá orthu faoi éagóir fhéideartha i dtuairisciú airgeadais nó i nithe eile. Má theastaíonn sé, cinnteoidh sé go ndéanfar imscrúdú cuí agus go rachfar i mbun gníomh leantach.

Tá Coiste Iniúchta ceaptha ag an mBord ar a bhfuil triúr Stiúrthóirí neamh-Fheidhmeannacha. Tagann an Coiste Iniúchta le chéile ar a laghad ceithre huaire sa bhliain agus déanann sé athbhreithniú ar na cuntais bhliantúla, rialú inmheánach agus ábhair chomhlíonta agus ar éifeachtacht an iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh. Tugann comhaltaí an Choiste Iniúchta aghaidh freisin ar an tsaincheist riosca, agus é mar aidhm acu a chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta um bainistíocht riosca cuí agus prótacail tuairiscithe i bhfeidhm acu. Déanann an Coiste Iniúchta moltaí don Bhord maidir le ceapachán iniúchóirí seachtracha agus déanann sé meastachán ar a n-oibiachtúlacht agus ar a neamhspleáchas. Déantar athbhreithniú freisin ar an bplean iniúchta seachtrach agus ar na fionnachtana ón iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Tá príomhrólanna agus freagrachtaí an Choiste Iniúchta leagtha amach i dtéarmaí tagartha scríofa agus tá siad ar fáil ar iarratas.

Tá próiseas i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúchta chun a chinntiú nach dtarraingítear amhras ar neamhspleáchas an iniúchta, agus áirítear leis seo monatóireacht ar nádúr agus méid na seirbhísí a sholáthraíonn na hiniúchóirí seachtracha trína n-athbhreithniú bliantúil ar na táillí a íoctar leis na hiniúchóirí seachtracha as seirbhísí iniúchta agus neamh-iniúchta.

Tá Coiste Íocaíochta ceaptha ag an mBord freisin, a bhfuil triúr Stiúrthóirí neamh-Fheidhmeannacha air. Tá freagracht ar an gCoiste seo as iarratasóirí a mholadh do cheapacháin bhainistíochta shinsearacha agus as polasaithe íocaíochta.

I rith na bliana, i ndiaidh scor an Phríomhfheidhmeannaigh, thug an Coiste Íocaíochta faoin bpróiseas Príomhfheidhmeannach nua a aithint agus a cheapadh.

Rialú Inmheánach

Tá éifeacht tugtha ag an mBord do mholtaí Rialú Inmheánach: Treoir do Stiúrthóirí maidir leis an gComhchód (Treoir Turnbull), a foilsíodh i Meán Fómhair 1999 agus ar dearnadh athbhreithniú air i 2005.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Bhoird agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtacht agus comhlíonann siad an fhreagracht seo trí chruinnithe rialta den Choiste Iniúchta. Tá freagracht as cur i bhfeidhm an chórais seo tugtha acu don lucht Bainistíochta Feidhmeannaí.

Soláthraíonn an córas rialaithe inmheánaigh cinnteacht réasúnta, ach nach bhfuil absalóideach, ar shócmhainní a choinneáil slán i gcoinne úsáide nó cóirithe neamhúdaráithe; coinneáil taifead ceart cuntasáiochta; agus iontaofacht na faisnéise a thugann siad ar aird, le haghaidh úsáide inmheánaí agus le haghaidh a fhoilsithe araon.

Is iad príomhghéithe an chórais seo ná:

- polasaithe, nósanna imeachta agus struchtúir eagraíochta fhoirmeálta a bheith ann a thacaíonn le timpeallacht láidir rialaithe a choinneáil.
- áirítear leis an straitéis ghnó, an phleanáil agus an próiseas buiséadach, lena n-áirítear anailís ar na mór-rioscaí gnó a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht. Próiseas leanúnach é measúnú riosca agus leagann an Bord béim shuntasach air.
- tugtar ar aird gach mí sraith chuimsitheach de tháscairí fhaisnéis bhainistíochta agus feidhmíochta. Éascaíonn sé seo monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn in aghaidh cuspóirí fadtéarmacha agus ar bhuiséid bhliantúla, measúnú a dhéanamh ar threochtaí agus gníomhú ar athraithis. Ullmhaítear buiséid mhionsonraithe go bliantúil i gcomhthéacs pleananna straitéiseacha fadtéarmacha agus déantar iad a nuashonrú go rialta.
- déantar nósanna imeachta cuntasáiochta a dhoiciméadú, timthriallta idirbhearta a shainmhíniú, sonraí a thabhairt faoi amchláir chuntasáiochta, rialú ar chomhéadain uathoibríocha, próisis athbhreithnithe agus réitigh a dhéanamh, dualgais a dhealú agus teorainneacha údaráithe a sheiceáil. Tá freagracht tugtha d'fhoireann a bhfuil taithí acu agus atá cáilithe as gach feidhm mhór gnó.
- ullmhaíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh plean Iniúchta Inmheánaigh agus tugann an Coiste Iniúchta faomhadh don phlean seo. Tuairiscíonn Iniúchadh Inmheánach don Choiste Iniúchta ar bhonn leanúnach.

Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh na cuntais ar bhunús an ghnóthais leantaigh agus, de réir ceanglais an Chomhchóid, tuairiscíonn na Stiúrthóirí gur shásaigh siad iad féin gur ghnóthas leantach é an Bord, bíodh is go bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige chun leanúint air ag feidhmiú don todhchaí. Agus iad ag teacht ar an tuairim seo, tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar bhuiséad an Bhoird do 2008/2009 agus ar na pleananna meántéarmacha mar atá siad leagtha amach i straitéis chorpáraídeach an Bhoird.

6. Íocaíochtaí na Stiúrthóirí

Tá leibhéil bhliantúla íocaíochta don Chathaoirleach agus do gach Stiúrthóir socraithe ag an Rialtas ag €24,000 agus ag €14,000 faoi seach. Ní fhaigheann na Stiúrthóirí Neamhfheidhmeannacha aon íocaíocht eile ná níl aon aontuithe seirbhíse nó conarthaí acu leis an mBord.

7. Príomhrioscaí agus Neamhchinnteachtaí

Éilíonn dlí na gcuideachtaí in Éirinn ar chomhlachtaí anois cur síos a dhéanamh ar na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí atá rompu. Ainneoin nach bhfuil an Bord faoi réir ag forálacha dhlí na gcuideachtaí, measann na Stiúrthóirí gur rialachas maith corparáideach é a leithéid de chur síos a thabhairt.

Is iad na príomhrioscaí atá roimh an ngnó ná:

- i tá an neamhchinnteacht leanúnach i ndáil leis an Scéim Chothroime Riosca ina bagairt mhór don ghnó. Ghlac an tAire Sláinte agus Leanaí le moltaí an Údaráis Árachas Sláinte agus d'fhógair sí beoú na Scéime Chothroime Riosca le héifeacht ó 1 Eanáir 2006. Laghdú mór sa leibhéal riosca atá anseo ach leanann an neamhchinnteacht ar aghaidh de bharr roinnt dúshlán dlíthiúil atá tionscnaithe ag iomaitheoir a bhíodh sa mhargadh i gcoinne an chinnidh seo. Tá sé dearbhaithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí anois go n-éileofar ar Vhi um Chúram Sláinte a bheith in ann iarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Árachais ón Rialtóir Airgeadais faoi dheireadh 2008. Táthar ag déanamh breithniú faoi láthair ar an méid agus na foinsí féideartha caipitil a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun é seo a bhaint amach.

- ii riosca gaolmhar le (i) thuas ná an spleáchas le haghaidh brabúsachta ar líon an-bheag scéimeanna grúpa lárnacha a bhfuil próifíl aoise an-óg acu. Laghdóidh tabhairt isteach scéim Chothroime Riosca éifeachtacht an riosca seo go suntasach.
- iii tá brúnna ollmhóra ar chostas chúram sláinte a d'fhéadfadh, trí phréimheanna árachais a dhéanamh níos costasaí, an líon daoine a roghnaíonn árachas sláinte príobháideach sa mhargadh a laghdú. Áirítear leis na brúnna costais seo:
 - méadú an-suntasach i bhfáil acmhainn leapacha príobháideacha, mar gur saintréith den mhargadh um chúram sláinte é go mbeadh borradh ar éileamh chun teacht leis an soláthar.
 - daonra atá ag dul in aois.
 - forbairt drugaí agus teicneolaíochtaí nua costasacha le haghaidh cóireála agus le haghaidh gnáthamh fáithmheasta mar aon le daoine a bheith ag súil le níos mó maidir le caighdeán agus le rochtain, mar thoradh ar níos mó saibhris agus níos mó eolais.
 - boilsciú leighis ag ardú níos sciobtha ná gnáthbhoilsciú.

Riosca gaolmhar atá ann ná go mbeidh an eispéireas éileamh féin níos mó ná méid iompair na ndliteanas árachais. D'fhéadfadh sé seo tarlú má tá minicíocht agus/nó costas éileamh níos mó ná sin a bhí measta. Imríonn roinnt fachtóirí tionchar ar mhinicíocht agus ar chostas éileamh lena n-áirítear iad sin ar tagraíodh dóibh thuas. Déantar an costas atá ar éilimh amuigh agus ar chúlchistí riosca neamhéagtha a áireamh trí theicnící cuí achtúireachta a úsáid chun na héilimh a mbeidh an Bord faoi dhliteanas astu a fhortheilg.

Baineann Vhi um Chúram Sláinte úsáid as roinnt Eochairtháscairí Feidhmíochta ar fud a chuid gníomhaíochtaí éagsúla agus tá na cinn is suntasaí le feiceáil sa Tuarascáil Bhliantúil.

8. Acht um Mear-Íocaíocht Cuntais, 1997

Tá an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh áirithe mar cheannaitheoir liostáilte earraí agus seirbhísí sa sceideal don Acht um Mear-Íocaíocht Cuntais, 1997. Aithníonn na Stiúrthóirí a bhfreagracht maidir le forálacha an Achta i ngach gné ábhartha a chinntiú. Is é cleachtas íocaíochta an Bhoird ná a chinntiú go scaoilfear sonraisc d'earraí agus do sheirbhísí atá soláthraithe don Bhord agus atá comhlánaithe i

gceart agus aontaithe laistigh den tréimhse íocaíochta atá leagtha síos. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm a thugann cinnteacht réasúnta in aghaidh neamhchomhlíontachta an Achta.

9. Leabhair Chuntais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Bord leabhair chuntais chuí agus baineadh é seo amach trí phearsanra cuntasáíochta atá cáilithe go cuí a fhostú agus trí chórais chuntasáíochta chuí a choinneáil. Tá na leabhair chuntais lonnaithe i bpríomhoifig an Bhoird i dTeach Vhi, Sráid na Mainistreach Íochtair, Baile Átha Cliath 1.


10. Iniúcháirí

Leanann na hiniúcháirí Deloitte & Touche, Cuntasóirí Cairte, ar aghaidh de bheith in oifig de réir Alt 19 (2) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957.

Thar ceann an Bhoird:



Bernard Collins
Cathaoirleach



Liam Twohig
Stiúrthóir

12 Meitheamh 2008



Is é Vhi um Chúram Sláinte a tháinig amach ar dtús le hárachas taistil, seirbhísí corparáideacha ar-líne agus le réitigh sláinte ceirde, is iad a bhí ar thús cadhnaíochta le clúdach déadach agus le clinicí chúram práinneach – ní haon ionadh gur muide an chéad rogha ag níos mó ná 1.5 milliún custaiméir!

Cúis bróid do Vhi um Chúram Sláinte go mbímí i gcónaí i mbun nuálaíochta chun riachtanais ár gcustaiméirí a chomhlíonadh agus a sháru. Sin an fáth gur thug 95% dár gcustaiméirí rátáil sástachta iontach dúinn i ndáil le láimhseáil a n-éileamh. Mar eagraíocht sheachbhrabúsach, íocaimid amach €87 in bhfoirm éileamh as gach €100 a fhaighimid in ioncam préimhse, ráta atá níos airde go suntasach ná aon soláthróir árachais eile. Ní chuirimid

táille bhreise ar chustaiméirí a thograíonn a n-íocaíocht a dhéanamh le dochar díreach míosúil, tairgimid lascaine de 10% do chustaiméirí i scéimenna grúpa agus ní dhéanaimid idirdhealú idir ár gcustaiméirí trí lascainí tionscanta a thairiscint don chlúdach céanna chun custaiméirí nua a mhealladh. Gheobhaidh tú an méid atá ós do chomhair – beimid ann nuair atáimid a teastáil uait!

TUARASCÁIL NA NINIÚCHÓIRÍ

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha do Stiúrthóirí Boird an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh don bhliain dár chríoch 29 Feabhra 2008 agus ina bhfuil an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Sreabhadh Airgid, an Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais lomlán Aitheanta, an ráiteas faoi pholasaithe cuntasáiochta agus na nótaí gaolmhara 1 go 20. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir na bpolasaithe cuntasáiochta atá leagtha amach ansin.

Déantar an tuarascáil seo do Stiúrthóirí Boird an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh, agus dóibh sin amháin, de réir Alt 19 den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957. Thugamar faoinár n-obair iniúchta ionas go bhféadfaimis a rá leis na Stiúrthóirí na nithe sin a n-éilítear orainn iad a rá leo i dtuarascáil iniúcháirí agus ní do chríoch ar bith eile. Don mhéid is mó atá ceadaithe ag an dlí, ní ghlacaimid nó ní ghabhaimid orainn féin freagracht d'éinne ach amháin don Bhord agus na Stiúrthóirí mar chomhlacht as ár n-obair iniúchta, an tuarascáil seo, nó as na tuairimí ar thángthamar orthu.

Freagrachtaí an Bhoird agus na Stiúrthóirí Faoi Seach

Tá freagracht ag na Stiúrthóirí as Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú, lena n-áirítear, mar atá leagtha amach i Ráiteas Freagrachtaí na Stiúrthóirí, ullmhú cuntas de réir dhlí infheidhmithe na hÉireann agus na gcaighdeán cuntasáiochta atá eisithe ag an mBord Caighdeán Cuntasáiochta agus foilsithe ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann (Cleachtas Cuntasáiochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn).

Is é an fhreagracht atá orainn, mar iniúcháirí neamhspleácha, ná na cuntais a iniúchadh de réir riachtanais ábhartha dlíthiúla agus rialála agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscimid ár dtuairim daoibh faoi cibé an dtugann nó nach dtugann na ráitis airgeadais léargas cruinn agus cothrom de réir an Chleachtais Cuntasáiochta a nGlactar leis go Forleathan in Éirinn agus faoi cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh iad i gceart ag teacht le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996.

Déanaimid athbhreithniú ar cibé an bhfuil an ráiteas rialachais chorparáidigh ionadaíoch ar chomhlíonadh an Bhoird leis na naoi bhforáil den Chód FRC a sonraíodh dár n-athbhreithniú agus tuairiscimid mura bhfuil. Ní éilítear orainn teacht ar thuairim ar éifeachtacht nósanna imeachta rialachais chorparáidigh an Bhoird ná ar a rialuithe inmheánacha.

Léimid an fhaisnéis eile atá sa tuarascáil bhliantúil agus déanaimid na himpleachtaí dár dtuarascáil a mheas má thugaimid aon mhíríteas dealraitheach nó neamhréireach ábhartha leis na ráitis airgeadais faoi deara.

Is éard atá san fhaisnéis eile ná Tuarascáil na Stiúrthóirí, a bhfuil an ráiteas rialachais chorpóraidigh istigh léi, Athbhreithniú an Chathaoirligh, an tAthbhreithniú ar Oibríochtaí agus an tAthbhreithniú ar an Tábla um Thorthaí Comparáideacha. Ní théann ár bhfreagrachtaí chomh fada le faisnéis eile.

An Bunús atá leis an Tuairim Iniúchta

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir Caighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta. Áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise atá ábhartha do na méideanna agus na nochtuithe sna ráitis airgeadais. Áirítear leis freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinne na Stiúrthóirí agus iad ag ullmhú na ráitis airgeadais, agus measúnú ar cibé an bhfuil na polasaithe cuntasáiochta oiriúnach do chúinsí an Bhoird, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochtaithe go hoiriúnach.

Phleanálamar agus chuireamar ár n-iniúchadh i gcrích chun an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach a fháil ar mhaithe le leorfhianaise a thabhairt dúinn chun go mbeimis in ann deimhniú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas nithiúil, bíodh sé de bharr calaoise nó neamhréireach nó botún eile. Agus muid ag teacht ar an tuairim sin, rinneamar measúnú freisin ar dhóthaineacht iomlán na faisnéise a cuireadh i láthair sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Dar linn, tugann na ráitis airgeadais léargas cruinn agus cothrom, de réir an Chleachtais Cuntasáiochta a nGlactar leis go Ginearálta in Éirinn agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996, ar staid reatha an Bhoird ar an 29 Feabhra 2008 agus ar an mbarrachas don bhliain dar críoch.

Béim ar Ábhar – Forálacha Eile Teicniúla agus Cothromú Riosca

Agus muid ag teacht ar ár dtuairim, nach bhfuil maolaithe, rinneamar breithniú ar dhóthanacht na nochtuithe i Nóta 10 de na cuntais a leagann amach an bunús nach ndearnadh aon soláthar do riosca neamhéagtha agus Nóta 17 a leagann amach nár cuireadh san áireamh an tsócmhainn theagmhasach a éiríonn as an scéim Chothroime Riosca. Ag cur san áireamh a shuntasáí is atá na neamhchinnteachtaí seo agus an tionchar féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag na neamhchinnteachtaí seo ar an mBord, measaimid gur cheart bhur n-aird a tharraingt ar na nithe seo.

Deloitte & Touche

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
Baile Átha Cliath

12 Meitheamh 2008

RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaítear na cuntais de réir na gcaighdeán cuntasaióchta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn, i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais) 1996 agus sa Ráiteas ar Chleachtas Molta do Chuntasaíocht i nGnó an Árachais (SORP) arna nglacadh ag an Association of British Insurers.

Is iad seo a leanas na príomhpholasaithe cuntasaióchta a nglactar leo:

Bunús Cuntasaióchta

Ullmhaítear na cuntais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil arna mionathrú ag an athluacháil ar infheistíochtaí.

Éilíonn ullmhú na gcuntas de réir na bprion-sabal cuntasaióchta a nglactar leo go ginearálta go ndéanfar breithiúnas nuair atáthar i bun próiseas polasaithe cuntasaióchta an Bhoird a chur i bhfeidhm. Baineann na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó réimsí ina bhfuil boinn tuisceana nó meastacháin ina ndíol suntais do na cuntais, go príomha le forálacha d'éilimh atá le socrú fós agus do rioscaí nach bhfuil éagtha fós, agus tugtar sonraí fúthu sin sna polasaithe cuntasaióchta thíos. Tá na forálacha d'éilimh nach bhfuil socraithe fós agus do rioscaí nach bhfuil éagtha fós bunaithe ar mhodhanna achtúireachta ríofa atá faoia ag achtúirí comhairleacha an Bhoird, Watson Wyatt LLP.

Préimheanna Scríofa

Is éard atá sna hollphréimheanna scríofa ná an t-ioncam préimhe atá infhála ó chustaiméirí i ndáil le polasaithe a thosóidh sa bhliain airgeadais.

Is éard atá i bpréimheanna neamhthuillte ná an chuid sin de phréimheanna scríofa sa bhliain sin a bhaineann leis an téarma neamhéagtha polasaithe atá i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe, agus iad ríofa ar bhunús roinnte ama.

Éilimh a Tabhaíodh

Is éard atá in éilimh a tabhaíodh ná éilimh agus speansais ghaolmhara a íocadh sa bhliain agus athruithe i bhforálacha

d'éilimh atá le socrú fós, lena n-áirítear forálacha don chostas measta d'éilimh atá tuairiscithe ach nach bhfuil íoctha fós, éilimh atá tarraingthe agus nach bhfuil tuairiscithe fós agus speansais ghaolmhara láimhseála.

Rioscaí Neamhéagtha

Déantar foráil, bunaithe ar eolas atá ar fáil ag dáta an chláir chomhardaithe, d'aon easnaimh frithgheallta mheasta a bhaineann le rioscaí neamhéagtha tar éis brabach ábhartha infheistíochta a chur san áireamh. Déantar boinn tuisceana stuama a mheas ionas gur cheart go mbeadh an fhoráil leordhóthanach i gcúinsí neamh-fhabhracha atá le tuar go réasúnta; féach nóta 10.

Cánachas Iarchurtha

Soláthraítear cánachas iarchurtha ar dhifríochtaí ama idir bharrachas an Bhoird ar féidir cáin a leagan air agus ar bharrachas mar a luaitear é sna cuntais. Déantar na forálacha ag na rátaí cánach atáthar ag súil a bheidh i bhfeidhm sna tréimhsí ina bhfuil na difríochtaí ama ceaptha iompú ar ais. Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid is go bhfuil sé dóchúil go bhfaighfear ar ais iad.

Sócmhainní Inláimhsithe

Luaitear bunsócmhainní inláimhsithe ag costas lúide dímhéas carntha. Ríomhtar dímhéas sa chaoi is go ndíscríobhtar costas na sócmhainní thar a saol úsáideach measta ar bhunús dronlíneach mar seo a leanas:

Mótarfheithiclí	4 bliana
Trealamh agus bogábhar ríomhaireachta	4 bliana
Troscán, feisteas agus trealamh oifige	5 bliana

I gcás caiteachais shubstaintiúil a tharraingítear ar fhorbairt chórais ríomhaireachta agus a mheastar go bhfuil tairbhe eacnamaíoch don Bhord aige a mhairfidh níos mó ná bliain amháin isteach sa todhchaí, déantar é a chaipitliú agus a dhímheas thar an tréimhse ina mbeifear ag súil go dtiocfaidh na tairbhí eacnamaíocha chun cinn. Tá an tréimhse seo faoi réir ag uasmhéid cheithre bliana. I gcás éiginnteachta maidir lena thairbhe eacnamaíoch sa todhchaí, déantar an caiteachas a chur in aghaidh an chuntais loncaim agus Caiteachais.

Infheistíochtaí

Luaitear infheistíochtaí in urrúis liostáilte, lena n-áirítear infheistíochtaí i stoic rialtais agus stoic a bhfuil an rialtas mar ráthóir orthu, ag luach an mhargaidh. Is éard atá i luach an mhargaidh ná an praghas margaidh ar an meán lúide ús carntha ag dáta an chláir chomhardaithe. Cinntítear gnóthachain/caillteanais réadaithe ar idirbhearta infheistíochta ar bhunús meánchostais agus déantar iad a thaifeadadh sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Déantar luacháil ar thalamh agus ar fhoirgnimh go bliantúil ar bhunús luach an mhargaidh oscailte. Déanann luachóirí neamhspleácha a bhfuil cáilíochtaí proifisiúnta acu na luachálacha. Coinnítear gach áitreabh atá i seilbh an Bhoird i gcaoi mhaith go leanúnach. Mar sin, measann na Stiúrthóirí go bhfuil aon dímhéas i saol eacnamaíoch agus luachanna fuilleacha na bhfoirgneamh seo neamhshuntasach agus ní dhéantar foráil dó mar sin.

Ioncam Infheistíochta

Glactar leis go n-áirítear le hús ar stoic úis shocráithe agus ar thaiscí bairc ioncam a thuilltear ar bhunús lá go lá. Áirítear ioncam ó ghnáthscaireanna ar bhunús díbhinní a fhaightear i rith na bliana airgeadais.

Sochar Infheistíochta

Tuairiscítear torthaí oibriúcháin ar bhunús sochar infheistíochta i rith téarma níos faide. Ríomhtar an sochar infheistíochta sa téarma níos faide ar bhunús rátaí a ndéantar athbhreithniú orthu go bliantúil agus tugann siad aitheantas don taithí stairiúil agus dó sin a bhfuil na Stiúrthóirí ag súil leis ó thaobh sochair infheistíochta. Déantar an luaineacht i sochar infheistíochta sa ghearrthéarma, atá ionann is an difríocht idir an sochar sa téarma níos faide agus an sochar féin, a chorprú nuair atáthar ag teacht ar an mbarrachas/easnamh roimh chánachas.

Tá leithdháileadh an tsochair infheistíochta ón gcuntas neamhtheicniúil go dtí an cuntas teicniúil bunaithe ar an sochar ar infheistíochtaí sa téarma níos faide atá inchurtha leis an ngnó árachais.

Sochair Scoir

Déantar an costas a bhaineann le sochair a sholáthar agus na dlíteanais um phleananna sochar sainmhínithe a chinntiú trí úsáid a bhaint as an modh creidmheasa aonaid a bhfuiltear ag súil leis, le luachálacha achtúireachta á ndéanamh ag dáta gach cláir chomhardaithe.

Aithnítear costas seirbhíse reatha, costas úis agus an sochar ar shócmhainní na scéime sa chuntas ioncaim agus caiteachais. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais sa ráiteas gnóthachain agus caillteanais iomlán aitheanta. Aithnítear costas seirbhíse san am a caitheadh láithreach. Aithnítear an barrachas nó an t-easnamh glan ar an scéim phinsean sochar sainmhínithe, glan de cháin iarchurtha, ar an gclár comhardaithe.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn an Bord sochair do roinnt daoine atá scortha maidir le clúdach árachais sláinte, nach bhfuil maoinithe. Déantar oibleagáid an Bhoird i ndáil leis na sochair seo a thomhas ag baint úsáide as an modh creidmheasa aonaid a bhfuiltear ag súil leis agus déantar é a lascainiú ag an luach reatha, le luachálacha achtúireachta á ndéanamh ag dáta gach cláir chomhardaithe. Aithnítear méid iomlán oibleagáid an Bhoird ar an gclár comhardaithe agus áirítear an muirear don bhliain sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Costais éadála iarchurtha

Cuirtear síos mar speansais na costais a thabhaítear i rith na bliana airgeadais atá inchurtha i leith éadail ghnó nua sa tréimhse chuntasaíochta chéanna ina shaothraítear na préimheanna lena mbaineann siad. Aithnítear gach costas eile éadála mar speansais nuair a thabhaítear iad.

I ndiaidh dóibh a bheith aitheanta den chéad uair, iarchuirtear na costais seo i gcomhréir leis an soláthar do phréimheanna neamhthuillte. I bhfocail eile, tá an méid atá iarchurtha ionann is an céatadán de na costais éadála iomlána a mbaineann an soláthar do phréimheanna neamhthuillte le hollphréimheanna scríofa. Taifeadtar amúchadh sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Déantar athbhreithniú ar chostais éadála iarchurtha ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe agus díscríobhtar iad sa chás go mbreithnítear iad gan a bheith in-aisghabhála ó thaiscí a bhfuiltear ag súil leo sa todhchaí.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

CUNTAS TEICNIÚIL: ÁRACHAS SLÁINTE		AN BHLIAIN DAR CRÍOCH FEABHRA	
	Nótaí	Mar atá ráite in athuair 2008 €m	2007 €m
Gníomhaíochtaí Leanúnacha			
Préimh thuillte:	1		
Ollphréimheanna scríofa		1,194.8	1,087.9
Athrú san fhoráil do phréimheanna neamhthuillte		(41.8)	(67.8)
		1,153.0	1,020.1
Sochar infheistíochta leithdháilte aistrithe ón gcuntas neamhtheicniúil		33.3	37.5
		1,186.3	1,057.5
Éilimh a tabhaíodh:			
Éilimh a íocadh		(1,007.4)	(886.8)
Athrú san fhoráil d'éilimh		2.4	(43.8)
		(1,005.0)	(930.7)
Forálacha teicniúla eile:			
Cúlchiste riosca neamhéagtha	10	64.9	40.7
Speansais oibriúcháin ghlana	2	(91.4)	(83.3)
Iarmhéid ar an gcuntas teicniúil árachais sláinte		154.8	84.3

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

AN BHLIAIN DAR CRÍOCH FEABHRA


CUNTAS NEAMHTHEICNIÚIL: ÁRACHAS SLÁINTE

	Nótaí	Mar atá ráite in athuair 2008 €m	2007 €m
Gníomhaíochtaí Leanúnacha			
Iarmhéid ar an gcuntas teicniúil árachais sláinte		154.8	84.3
Sochar Infheistíochta sa téarma níos faide	3	33.3	37.5
Sochar infheistíochta leithdháilte aistrithe go dtí an cuntas teicniúil árachais sláinte		(33.3)	(37.5)
Barrachas oibriúcháin		154.8	84.3
Luaineachtaí gearrthéarmacha i sochar infheistíochta	3	(25.5)	(9.7)
Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas		129.3	74.6
Cáin ar ghnáthghníomhaíochtaí	4	(17.1)	(5.1)
Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánach tugtha ar aghaidh ag na cúlchistí	5	112.2	69.5

D'fhaomh an Bord na cuntais an 12 Meitheamh 2008, agus tá siad sínithe thar a cheann ag:



Bernard Collins
Cathaoirleach



Liam Twohig
Stiúrthóir

CLÁR COMHARDAITHE

SÓCMHAINNÍ

AMHAIL AN 29 FEABHRA

		Mar atá ráite in athuair	
	Nótaí	2008 €m	2007 €m
Infheistíochtaí			
Talamh agus foirgnimh	6	44.5	44.7
Infheistíochtaí airgeadais eile	7	810.7	774.6
Sócmhainní doláimhsithe			
Costais éadála iarchurtha	9	10.1	8.0
Feichiúnaithe			
Feichiúnaithe ó bhaill ag teacht as oibríochtaí árachais		503.5	469.4
Feichiúnaithe eile		0.9	0.4
Sócmhainní eile			
Sócmhainní inláimhsithe	8	38.1	25.6
Airgead sa bhanc agus ar láimh		1.6	0.9
Cáin iarchurtha	11	0.7	-
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe			
Réamhíocaíochtaí		1.0	0.4
Ús fabhráithe		7.1	9.8
Sócmhainní iomlán		1,418.2	1,333.8

CLÁR COMHARDAITHE

DLITEANAIS


AMHAIL AN 29 FEABHRA

	Nótaí	Mar atá ráite in athuair	
		2008 €m	2007 €m
Cúlchistí			
Cúlchiste ginearálta		415.1	299.8
Forálacha teicniúla			
Foráil do phréimheanna neamhthuillte		575.0	533.2
Éilimh atá le socrú fós		321.7	335.3
Forálacha teicniúla eile	10	-	64.9
Cáin iarchurtha	11	-	1.1
Creidiúnaithe			
Creidiúnaithe ag teacht ó oibríochtaí árachais		52.2	41.0
Creidiúnaithe agus fabhruithe eile	12	21.5	20.1
Rótharraingt bairc		3.4	6.6
Dliteanas Sochar Scoir	20	29.3	31.8
Dliteanais Iomlána		1,418.2	1,333.8

D'fhaomh an Bord na cuntais an 12 Meitheamh 2008, agus tá siad sínithe thar a cheann ag:



Bernard Collins
Cathaoirleach



Liam Twohig
Stiúrthóir

RÁITEAS SREABHADH AIRGID

AN BHLIAIN GO DEIREADH FEABHRA

	Nótaí	2008 €m	2007 €m
Insreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	13	94.5	87.1
Cánachas íoctha		(21.0)	-
Caiteachas caipitil		(24.6)	(17.1)
		48.9	70.0

Infheistíodh sreabhaidh airgid mar seo a leanas:

Ardú/(íslíú) i sealúchais airgid		4.1	(1.8)
Infheistíocht punainn ghlan	14 & 16	44.8	71.8
Infheistíocht ghlan de sreabhadh airgid	15	48.9	70.0

RÁITEAS DE GHNÓTHACHAIN AGUS DE CHAILLTEANNAIS AITHEANTA IOMLÁNA

AN BHLIAIN GO DEIREADH FEABHRA

	Nótaí	Mar atá ráite in athuair 2008 €m	2007 €m
Barrachas don bhliain airgeadais		112.2	69.5
Gnóthachán achtúireachta ar an gciste pinsean	20	3.1	1.2
Barrachas iomlán atá aitheanta ón tuarascáil bhliantúil dheireannach		115.3	<u>70.7</u>
Socrú don bhliain roimhe sin	9	8.0	
Barrachas iomlán atá aitheanta ón tuarascáil bhliantúil dheireannach		123.3	

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

1. Préimh thuillte

Is é árachas sláinte gnó árachais an Bhoird go substaintiúil agus baineann préimh thuillte go príomha leis an aicme seo ghnó. Tá na méideanna ó tháirgí tánaisteacha beag. Scríobhtar gach gnó i bPoblacht na hÉireann.

Mar atá ráite in athuair

2008	2007
€m	€m

2. Speansais oibriúcháin ghlana

Speansais riaracháin	72.5	66.2
Costais éadála	18.9	17.1
	91.4	83.3

	2008	2007
Is é an meán líon daoine, lena n-áirítear fostaithe páirtaimseartha, fostaithe ag am mBord ná:	893	837

	2008	2007
	€m	€m
Costais foirne:		
Pá agus tuarastail	47.0	40.5
Costais slándála sóisialaí	4.8	4.1
Sochair scoir	5.9	6.0

Coinnítear an Príomhfheidhmeannach ar bhunús comhairleachta. Ba é €454,499 iomlán na dtáillí a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach agus a áiríodh i speansais oibriúcháin sa bhliain go dtí Feabhra 2008 (Feabhra 2007: €422,000).

3. Sochar infheistíochta

a. Sochar infheistíochta sa téarma níos faide

Leagtar amach thíos na rátaí infheistíochta atá mar bhunús do ríomh na hinfheistíochta sa téarma níos faide.

	2008	2007
	%	%
Talamh agus foirgnimh	6.1	6.1
Scaireanna agus urrúis eile a bhfuil fáiltas athraitheach acu	7.2	7.2
Urrúis fiacha/urrúis úis shocraithe	3.8	3.9
Taiscí le hinstitiúidí creidmheasa	3.0	2.0

b. Comparáid idir sochar infheistíochta sa téarma níos faide agus an sochar iarbhír

	2008	2007
	€m	€m
Sochar iarbhír:		
Ioncam ó thalamh agus foirgnimh	-	0.2
Ioncam ó infheistíochtaí eile	25.6	22.3
Caillteanais ar réadú infheistíochta	(7.6)	(0.3)
Gnóthachain / (caillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(9.0)	6.7
Speansais bhainistíochta infheistíochta	(1.2)	(1.1)
	7.8	27.8
Sochar infheistíochta sa téarma níos faide	(33.3)	(37.5)
Luaineachtaí gearrthéarmacha	(25.5)	(9.7)

Tá aistriú de mhéid iomlán den sochar infheistíochta sa téarma níos faide déanta ón gcuntas neamhtheicniúil go dtí an cuntas teicniúil ar an mbunús go bhfuil cúlchistí an Bhoird níos ísle ná an leibhéal sócmhainneachta ag an imeall atá ag teastáil ón rialtóir agus mar sin meastar go bhfuil na cúlchistí ina n-iomlán ag tacú leis na forálacha teicniúla.

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS (AR LEAN)

4. Cánachas ar ghnáthghníomhaíochtaí	2008 €m	2007 €m
Is éard atá sa mhuirear cánachais sa chuntas ioncaim agus caiteachais ná:		
Cánachas reatha don bhliain	18.9	5.5
Cánachas iarchurtha - sochar	(1.8)	(0.4)
	17.1	5.1

Fachtóirí a bhfuil tionchar acu ar an muirear cánachais reatha don bhliain

Ríomhtar cáin reatha don bhliain ag ráta atá éagsúil ón ráta caighdeánach cánach corparáideach in Éirinn de 12.5% (2007: 12.5%).

